

Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann le Scéim Dochar Dhíreach SEPA a úsáid do na nithe seo:

- Fostóirí a íocann PAYE/PRSI/USC/LPT
- Gnólachtaí a íocann VAT
- Íocaíocht Réamhcháin Ioncaim

Tabhair faoi deara le do thoil más mian leat do Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT) a íoc le Dochar Díreach míosúil, ba cheart duit logáil isteach ar www.revenue.ie, roghnaigh Cáin Mhaoine Áitiúil agus socraigh do mhodh íocaíochta trí Aitheantas Maoine agus UAP a úsáid.

- Rialaítear na Rialacha agus Rialacháin a bhaineann le hairgead a bhailiú trí Dhochar Díreach SEPA de réir Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann (Banking and Payments Federation Ireland), suíomh gréasáin ag www.bpfi.ie
- Tarraingítear d'aird chuig an **Téacs Díl** a chuirtear ar fáil don iarratas ar líne.
- Is lamháltas é rannpháirtíocht sa Scéim Dochair Dhíreach SEPA a thairgeann na Coimisinéirí Ioncaim agus d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim é a athbhreithniú agus a tharraingt siar ag am ar bith.

Oibleagáidí Cáiníocóirí nuair atá VAT nó PAYE/PRSI/USC/LPT á íoc trí Dhochar Díreach SEPA

- Tá áis Dochair Dhíreach SEPA teoranta do chustaiméirí a mbíonn dliteanais dhéimhíosa PAYE/PRSI/USC/LPT suas le €50,000 agus dliteanais mhíosa PAYE/PRSI/USC/LPT suas le €25,000 acu i.e. dliteanas bliantúil VAT agus PAYE/PRSI/USC/LPT suas le €300,000.
- Bainfear asbhaintí ó do chuntas bainc ar an 3ú lá oibre is déanaí de gach mí.
- De ghnáth, ní mheasfar aon chustaiméir nach bhfuil a (h)íocaíochtaí nó a t(h)uairisceáin chánach cothrom le dáta a bheith oiriúnach don scéim Dochair Dhíreach SEPA.
- Maidir le VAT, nuair a bhaineann custaiméir leas as an scéim Dochair Dhíreach SEPA, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim tuairisceán don tréimhse ón dáta ar a dtosaíonn siad ar an scéim go dtí deireadh na bliana ó thaobh chuntasaíocht VAT de agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin. Ní mór gach tuairisceán VAT arna eisiúint fad is atá tú cláraithe do Dhochar Díreach a chomhdú faoin dáta ar a bhfuil siad dlite. Mura gcuirtear tuairisceáin isteach, déanfar dliteanais chánach a mheas agus rachfar i mbun iad a bhailiú, trí fhorfheidhmiú más gá. D'fhéadfaí lamháltas na gCoimisinéirí Ioncaim chun a cheadú do chánacha reatha a bheith íoctha trí Dhochar Díreach a tharraingt siar.
- Maidir le PAYE/PRSI/USC/LPT, beidh sé de dhualgas ar chustaiméir a bhaineann leas as an scéim Dochair Dhíreach SEPA tuairisceán bliantúil (P35) a chur isteach faoin dáta dlite. Mura gcuirtear tuairisceáin isteach, déanfar dliteanais chánach a mheas agus rachfar i mbun iad a bhailiú, trí fhorfheidhmiú más gá. D'fhéadfaí lamháltas na gCoimisinéirí Ioncaim chun a cheadú do chánacha reatha a bheith íoctha trí Dhochar Díreach a tharraingt siar.
- Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil d'íocaíochtaí míosúla trí Dhochar Díreach imleor chun do dhliteanais bliantúil a chomhdach. Nuair is gá, ba cheart duit méid an Dochair Dhíreach a athrú

chun é sin a bhaint amach. Go ginearálta, ba cheart go mbeadh an íocaíocht mhíosúil comhionann le thart ar aon dódhéagú den dliteanas bliantúil.

- Sa chás nach n-íoctar suimeanna imleora trí Dhochar Díreach agus go bhfuil iarmhéid cánach iníoctha ag deireadh na bliana cuntasáochta, beidh ús iníoctha mura n-íocfar an tsuim sin faoin dáta ar a bhfuil sí dlite. Sa bhreis air sin, má tá an méid atá dlite níos mó ná:
 - 20% den dliteanas bliantúil le haghaidh VAT, nó
 - 10% den dliteanas bliantúil le haghaidh PAYE/PRSI/USC/LPTdéanfar ús a shiardhátú go dtí lárphointe na bliana cuntasáochta.
- Déantar íocaíochtaí trí Dhochar Díreach i riaráistí, m.sh. baineann íocaíochtaí a dhéantar i mí Feabhra le fiach cánach mhí Eanáir.
- Cinntear méid d'íocaíochta trí Dhochar Díreach de réir an dliteanais bhliantúil mheasta a sholáthraíonn tú. Tá lagduithe ar an dliteanas bliantúil measta teoranta do thrí cinn in aghaidh na tréimhse bliantúla le haghaidh CBL agus do thrí cinn in aghaidh na bliana féilire le haghaidh PAYE/PRSI/USC/LPT.
- Sa chás nach ndéantar íocaíocht atá dlite, déanfar athbhreithniú ar do rannpháirtíocht sa scéim agus d'fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim a lamháltas lena ligtear duit íoc trí Dhochar Díreach a tharraingt siar.

Oibleagáidí Cáiníocóirí nuair atá Réamhcháin Ioncaim á híoc trí Dhochar Díreach SEPA

- Má íocann tú Réamhcháin Ioncaim trí Dhochar Díreach cuirfidh sé sin ar do chumas an íocaíocht a shíneadh thar an mbliain féilire dá bhfuil an cháin dlite seachas íocaíocht amháin a dhéanamh faoi 31 Deireadh Fómhair. Tá síneadh thart ar choicís [lár mhí na Samhna] ar an dáta comhdaithe do chustaiméirí a dhéanann a dtuairisceán Cáin Ioncaim a íoc agus a thuairisciú ag úsáid ROS.
- Más é seo do chéad uair ag baint leasa as an scéim Dochair Dhíreach SEPA le haghaidh Réamhcháin Ioncaim, ní mór duit trí íocaíocht ar a laghad a dhéanamh sa chéad bhliain. Is féidir leat clárú le haghaidh asbhaint mhí Dheireadh Fómhair, mhí na Samhna agus mhí na Nollag agus na híocaíochtaí sin a úsáid chun do dhliteanas Réamhchánach Ioncaim don bhliain sin a chomhlíonadh. Sa chás sin, ba cheart duit d'íarratas ar líne faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair lena chinntiú go gcuirfead do chéad asbhaint i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair.
- Sa dara bliain agus blianta ina dhiaidh sin, ní mór an íocaíocht Réamhchánach Ioncaim a dhéanamh trí ocht gcinn nó níos mó d'íocaíochtaí Dochair Dhíreach míosúla.
- Cuirfead na hasbhaintí go léir (Dochair Dhíreacha mhí na Samhna agus mhí na Nollag san áireamh) chun sochair do dhliteanais réamhchánach ioncaim don bhliain reatha.
- Bainfead asbhaintí le haghaidh Réamhcháin Ioncaim ó do chuntas bainc ar an 9ú lá de gach mí nó ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin.

- Ní mór an tuairisceán ioncaim, mar aon le híocaíocht chothromaíochta ar bith don bhliain mheasúnachta reatha a sheoladh isteach, beag beann ar an modh íocaíochta, faoin 31 Deireadh Fómhair an bhliain ina dhiaidh nó ar an dáta sin. Tá síneadh thart ar choicís [lár mhí na Samhna] ar an dáta comhdaithe do chustaiméirí a dhéanann a dtuairisceán Cáin Ioncaim a íoc agus a thuairisciú ag úsáid ROS.
- Tá an riachtanas chun do dhliteanas Réamhchánach Ioncaim a shásamh mar an gcéanna gan beann ar an líon íocaíochtaí ná ar an dáta ar a gcláraíonn tú don scéim. Beidh muirir úis i gceist mar is gnáth má theipeann ort méid imleor réamhchánach ioncaim a íoc.
- Ní mór an méid seo a leanas ar a laghad a íoc mar Réamhcháin Ioncaim chun muirir úis a sheachaint:
 - 90% den dliteanas cánach deiridh don bhliain mheasúnachta reatha nó,
 - 100% den dliteanas cánach don bhliain mheasúnachta roimhe sin nó,
 - 105% den bhliain roimh an mbliain roimhe sin d'íocóirí Dochair Dhírigh SEPA amháin (ní bhíonn an rogha sin i bhfeidhm sa chás go raibh NIALAS i gceist leis an gCáin Ioncaim a bhí iníoctha don bhliain roimh an mbliain roimhe sin).
- Sa chás nach ndéantar íocaíocht ar bith, déanfar athbhreithniú ar do rannpháirtíocht sa scéim agus d'fhéadfaí an cead a tugadh íoc trí Dhochar Díreach SEPA a tharraingt siar.

Téacs dlí: Leis an bhfoirm sainordaithe seo a shíniú, údaraíonn tú (A) na Coimisinéirí Ioncaim treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas agus (B) do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas de réir treoir ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíochta ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Caithfear aisíocaíocht a éileamh laistigh de 8 seachtain ón dáta ar cuireadh dochar ar do chuntas. Mínítear do chearta i ráiteas ar féidir leat a fháil ó do bhanc.